GX2634

Ollscoil na hÉireann,Gaillimh.
Scrúdaithe an Fhómhair 1999.
An Chéad Scrúdú Ollscoile.

Stair. Éire sa bhfichiú haois.

Seán Ó Dufaigh.
Máire Harris.
M.A.G. Ó Tuathaigh.

Ceithre cheist le freagairt. Am ar fáil: trí uair a chloig.

Freagair ceist amháin, ar a laghad, as gach Roinn.

Roinn A.

Tá na sleachta ó na cáipéisí cuí ceangailte leis an bpáipéar seo.

1. Pléigh an cúlra agus an tábhacht a bhaineann le Forógra 1916.

2. Déan trácht ar an ngiota thíos as Bunreacht n hÉireann.

3. Pléigh cúlra agus tábhacht ráiteas De Valera faoin neodracht, ar an 2 Meán Fómhair 1939.

4. Pléigh comhthéacs agus impleachtaí an *Ireland Act,* 1949.

Roinn B.

5. Tábhacht olltoghchán 1918 i stair na hÉireann a mheas.

6. Déan trácht ar na fadhbanna a d'eascair as an gConradh Angla-Éireannach,1921.

7. Pléigh na fáthanna leis an teannas idir Caitlicigh agus Protastúnaigh i dTuaisceart Éireann sa tréimhse 1921-45.

8. Déan comparáid agus comórtas idir na polasaithe a lean Cumann na nGaedheal agus Fianna Fáil i leith *forbairt na talmhaíochta* in Éirinn sa tréimhse 1922-39.

nó

Cé chomh maith is a d'éirigh le polasaí tionsclaíochta Fhianna Fáil sa tréimhse 1932-1945 ?

9. Luaigh agus déan trácht ar phríomhthréithe na féiniúlachta i Saorstát Éireann sa tréimhse 1922-48.

10. Cérbh iad na príomh dheacrachtaí a bhí le sárú ag eacnamaíocht Thuaisceart Éireann sa tréimhse 1920-1945 ?

Roinn C.

11. Pléigh an tuairim go bhfuil meath le haithint ar thionchar na hEaglaise Caitlicí in Éirinn ó aimsir ghéirchéim na máthar agus an linbh i leith.

12. "The years of lost opportunity". Cad is dóigh leat den mbreithiúnas seo ar na blianta 1945-1958 in Éirinn ?

nó

Cad is dóigh leat den dtuairim gurbh iad na caogaidí 'blianta an dóláis' i stair an Stáit neamhspleáigh Éireannaigh ?

13. Pléigh an tuairim go raibh idir shean-choimhlintí agus imní roimh an nua mar bhonn leis an gcoimhlint a thosaigh i dTuaisceart Éireann i 1968.

14. Pléigh treo agus cuspóir pholasaí eachtrach na hÉireann ó 1945 i leith.

nó

Cén fáth go raibh tacaíocht láidir ón bpobal ag iarratas na hÉireann ar bhallraíocht i gComhphobal Eacnamaíoch na hEorpa ag tús na seachtóidí ?

15. Pléigh an tuairim gurbh í is príomhchúis leis na mór-athraithe cultúrtha atá tagtha ar Éirinn ó 1960 i leith, ná an tír a bheith 'oscailte' anois seachas í bheith 'dúnta' mar a bhí go dtí sin.

16. Ainmnigh agus pléigh na tréithe ba thábhachtaí a bhain leis an gComhaontú Angla-Éireannach, 1985.

17. Pléigh conas mar atá ag éirí le h-eacnamaíocht na hÉireann sna nóchaidí.